Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne

# An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta 2023

Foilsithe i mí an Mhárta 2024




COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR | CLARE COUNTY COUNCIL

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE

NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority

sustrans



# Brollach

## An fhís atá againn do dhaoine a dhéanann turais de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar rothar i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne



**An Comhairleoir Gerald Mitchell, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh:**

Mar Mhéara ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, cuireann sé an-áthas orm an chéad Innéacs Siúil agus Rothaíochta Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne a chur i bhur láthair.

Den chéad uair, tá fíricí agus figiúirí againn faoi thaisteal gníomhach inár gLimistéar Cathrach a thacóidh linn an infheistíocht a theastaíonn ónár gcónaitheoirí a sheachadadh chun áit inbhuanaithe a chruthú, áit a mbíonn rath ar dhaoine agus ar ghnólachtaí.

Tá na buntáistí a bhaineann le gníomhaíocht fhisiciúil maidir le taisteal gníomhach inár gLimistéar Cathrach suntasach. Is féidir a fheiceáil go gcuirtear cosc ar 52 bás luatha in aghaidh na bliana, arb ionann é agus €407 milliún. Cheadaigh baill tofa sa Limistéar Cathrach fodhlíthe nua le déanaí chun go leor ceantar lárnach sa chathair a theorannú ag luasteorainn 30kmh, agus tá cónaitheoirí ag insint dúinn go spreagfaidh na feabhsuithe sábháilteachta sin aistriú modha a thuilleadh.

Is rud dearfach é go measann 88% de chónaitheoirí gur áit mhaith í a gceantar áitiúil le siúl nó le rothaíocht a dhéanamh ann agus measann 71% díobh go bhfuil leibhéal maith sábháilteachta rothaíochta ina gceantar. Is ábhar sásaimh é seo i bhfianaise ár n-infheistíochta go dtí seo le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair. Cuidíonn an tuarascáil linn chun tuiscint a fháil ar an gcineál bonneagair a bheidh ina chuidiú le daoine, dar leo siúd, chun siúl nó chun dul ar rothar – cosáin atá níos leithne agus inrochtana ar bhonn níos fearr, níos mó trasrianta, níos mó glasbhealaí, sráideanna níos ciúine le go leor comharthaí agus raonta rothar scartha.

Is samplaí iad Glasbhealach Uirbeach Chaladh an Treoigh agus Bóthar de hÍde de bhonneagar taistil ghníomhaigh a fheabhsaíonn an timpeallacht áitiúil. D'éirigh go hiontach freisin lenár gcéad Shráid na Scoile ag an Modhscoil i gcathair Luimnigh a forbraíodh faoin gClár um Bealaí Sábháilte chun na Scoile.

Táimid meáite chun leanúint lenár n-iarrachtaí an bonneagar taistil gníomhaí a theastaíonn ónár gcónaitheoirí a sholáthar don am i láthair agus amach anseo.



**An Comhairleoir Donna McGettigan, Ceantar Bardasach na Sionainne, Comhairle Contae an Chláir:**

Mar Chathaoirleach ar Cheantar Bardasach na Sionainne, tá áthas orm fáilte a chur roimh an gcéad Innéacs Siúil agus Rothaíochta Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne. Tugann an tuarascáil seo léargas úsáideach ar iompraíochtaí agus ar thuairimí Chónaitheoirí Cheantar na Sionainne maidir le siúl, dul ar rothaí agus rothaíocht. Tugann sé braistint iontach dúinn ar an gcineál infheistíochta agus bonneagair atá ag teastáil ó dhaoine, chun cabhrú leis an gceantar a dhéanamh mar chuid bheoga, tharraingteach agus inbhuanaithe den limistéar Cathrach.



## Clár ábhair


4 Ceannlínte

6 Siúl i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne

8 Rothaíocht i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne

10 Tairbhí an tsiúil

12 Tairbhí na rothaíochta

14 Réitigh siúil

16 Réitigh rothaíochta

18 Réitigh chomharsanachta

20 Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne a fhorbairt

22 An tslí chun cinn



## An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta

Is éard is an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta ann (Bike Life roimhe seo) an measúnú is mó a ndearnadh riamh ar nósanna daoine a dhéanann turais de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, nó ar rothar i gceantair uirbeacha sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.

Is é Subtrans a chuirfidh i gcrích é i gcomhar le 23 cathair agus ceantar uirbeach. Cuireann gach cathair[i] tuarascáil le chéile faoin dul chun cinn atá déanta i dtreo cuma níos mealltaí a chur ar dhul de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar mar mhodh chun turais laethúla a dhéanamh.

Cuireann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta tuarascáil le chéile gach dara bliain. Is í seo an chéad tuarascáil ó Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne a cuireadh le chéile i gcomhpháirt le hÚdarás Náisiúnta Iompair na hÉireann. Na sonraí sa tuarascáil seo, baineann siad leis an mbliain 2023 agus áirítear leo sonraí faoi dhul de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar, samhaltú agus suirbhé neamhspleách ar 1,105 cónaitheoir atá 16 bliana d'aois nó níos sine i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne. Ba idir mí Bealtaine agus mí Iúil 2023 a rinneadh an suirbhé seo. Ba chuideachta neamhspleách um thaighde margaidh ar Iompraíocht & Dearcthaí a rinne an suirbhé agus é bunaithe ar shampla ionadaíoch de gach duine sa limistéar faoi thrácht, seachas a bheith dírithe ar choisithe, ar dhaoine a úsáideann áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar rothaithe amháin.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le muintir Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne as páirt a ghlacadh sa suirbhé agus a gcuid scéalta a roinnt linn.




Tá breis sonraí faoi na tuarascálacha le fáil ag www.sustrans.org.uk/walking-cycling-index. Le haghaidh breis sonraí, féach ar an Uirlis Sonraí Innéacs.

### Gabháil thart ar áis siúil a shainmhíniú

Maidir le daoine a úsáideann áiseanna soghluaisteachta ar rothaí, cathaoir rothaí, cuir i gcás, nó scútar soghluaisteachta, tuigimid nach mbeadh dáimh ag roinnt acu leis an téarma 'siúl' agus seans gur fearr leo an téarma 'gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a shainmhíniú' a úsáid ina áit. Úsáidimid na téarmaí ag siúl agus ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi lena chinntiú go bhfuilimid chomh ionchuimsitheach agus is féidir.

i. Úsáidtear cathair mar théarma uileghabhálach do na cathracha, réigiúin chathracha, limistéir chathracha agus na buirgí a phléitear san Innéacs Siúil agus Rothaíochta.

# Ceannlínte

## Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne

**Daonra**[i]

143,300


**Limistéar an tsuirbhé**




### Cé chomh minic agus a úsáidtear modhanna taistil éagsúla

Is de shiúl na gcos a théann breis agus leath den phobal ó áit go háit i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne.

**Cónaitheoirí a dhéanann turas ar na modhanna taistil seo a leanas cúig uair sa tseachtain ar a laghad i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne**




**52%** na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi cúig lá sa tseachtain ar a laghad

**15%** de chónaitheoirí a rothaíonn uair sa tseachtain ar a laghad

### Níl bhíonn an líon céanna daoine ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht

Ó thaobh luchta cónaithe de, is mór idir roghanna taistil agus tuairimí daoine maidir le siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus rothaíocht i measc grúpaí éagsúla.

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag rothlú cúig lá sa tseachtain ar a laghad**

**48%** de dhaoine faoi mhíchumas

**53%** de dhaoine gan mhíchumas

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad**[iii]

**10%** de mhná

**20%** d'fhir

### Ní bhraitheann gach cónaitheoir sábháilte ná go bhfuil fáilte rompu ina gcomharsanacht

**Céadatán na gcónaitheoirí ar dóigh leo go bhfuil sé sábháilte taisteal de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi**

**82%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE

**84%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

Is éard atá i gceist le grúpa socheacnamaíoch ná aicmiú atá bunaithe ar ghairm bheatha arb é an Cumann Taighde Margaidh a choinníonn suas chun dáta é. Is gairmithe agus lucht bainistíochta iad Grúpaí A agus B. Is oibrithe láimhe leathoilte agus neamhoilte, cúramaithe baile agus daoine dífhostaithe iad Grúpaí D agus E.

**Céatadán na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sábháilteacht mhaith rothaíochta ann**

**72%** de mhná

**70%** d'fhir

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhraitheann ar a suaimhneas agus iad ag siúl, ag dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar mhaith leo am a chaitheamh ar shráideanna a gceantar féin**

**95%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**91%** de dhaoine geala

i. Daonáireamh POS 2022. Is é seo an leagan is déanaí maidir le Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne.
ii. Ag taisteal mar thiománaí nó mar phaisinéir cairr, veain nó gluaisrothair. iii. Ní raibh méid an tsampla de fhreagróirí a ionannaíonn le 'hinscne eile' mór a dhóthain le bheith suntasach ó thaobh staitistice de agus dá bhrí sin ní chuirtear i láthair anseo é.

## Baineann gach duine tairbhe as nuair a bhíonn níos mó daoine ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht

Is ionann líon na ndaoine a thaistealaíonn de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar gach lá i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne agus 32,000 gluaisteán a bhaint den bhóthar.[iv] Nuair a chuirtear le chéile líon na ndaoine a úsáideann na modhanna taistil seo gach bliain i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne:

Seachnaítear
**320**
cás de riocht sláinte-fadtéarmach tromchúiseach

Cruthaítear
**€145.4 milliún**
de tairbhe eacnamaíoch do dhaoine aonair i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne

Sábháiltear
**6,200 tonnes**
tonna d'astaíochtaí gáis ceaptha teasa

## Teastaíonn ó lucht cónaithe níos mó turais a dhéanamh de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, nó ar rothar agus níos lú tiomána a dhéanamh

**Céatadán na gcónaitheoirí ar mhaith leo níos mó tairbhe a bhaint as cineálacha iompair éagsúla amach anseo:**

**Siúl nó dul ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi**
**49%** níos mó
**5%** níos lú

**Rothaíocht**
**34%** níos mó
**2%** níos lú

**Dul ar iompar poiblí**
**40%** níos mó
**4%** níos lú

**Tiomáint**
**18%** níos mó
**24%** níos lú

## Teastaíonn níos mó maoinithe ó chónaitheoirí don siúl, rothlú, rothaíocht agus iompar poiblí

**Céatadán na gcónaitheoirí ar mhaith leo go gcaithfeadh an rialtas níos mó airgid ar áiseanna siúil, do dhaoine a úsáideann áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar iompar poiblí ina gceantar féin:**

**70%** ar Shiúl nó Gabháil Thart ar Áis a Bhfuil Rothaí Uirthi
**61%** ar rothaíocht
**82%** ar iompar poiblí
**33%** ar thiomáint

## B'ionann breis maoinithe a thabhairt do na háiseanna seo agus an stíl mhaireachtála i gcomharsanachtaí a fheabhsú

**I measc lucht cónaithe i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne:**

**76%** i bhfách le
**13%** i gcoinne
níos mó raonta rothar feadh bóithre, scartha go fisiciúil ó thrácht agus ó choisithe

**83%** i bhfách le
**4%** i gcoinne
níos mó comharsanachtaí 20 nóiméad a chruthú[v]

**85%** i bhfách le
**5%** i gcoinne
breis comharsanachtaí ísealtráchta-a chruthú[vi]

**82%** a aontaíonn
**8%** nach n-aontaíonn
go bhfeabhsófar a gceantar áitiúil dá gcuirfí leis an spás atá ar fáil do dhaoine teacht le chéile, siúl agus ag rothaíocht a dhéanamh ar a bpríomhshráid áitiúil

**82%** i bhfách le
**10%** i gcoinne
cosc ar fheithiclí a pháirceáil ar an gcosán

**55%** i bhfách le
**25%** i gcoinne
infheistíocht a bhogadh ó scéimeanna tógála bóthair chun an siúl, gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi, rothaíocht agus iompar poiblí a mhaoiniú

v. Féach an sainmhíniú ar leathanach 14.
vi. Le haghaidh sainmhíniú féach an cháipéis faoi Mhodheolaíocht.

iv. Bunaithe ar an méid siúil, dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, agus rothaíochta a dhéanann cónaitheoirí atá sa teaghlach céanna agus carr acu. Ní áirítear leis seo rothaíocht nó siúl nó turais ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a dhéantar mar chaitheamh aimsire.



# Siúl i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne

Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht sa siúl agus sa rothlú

## Rannpháirtíocht sa siúl agus sa rothlú

Is minic a thugtar neamhaird ar thuras a dhéanamh de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus cúrsaí iompair á bplé. Is amhlaidh a bhíonn in ainneoin gur éifeachtach an bealach é le spás a úsáid, é go maith dár sláinte, leis, agus gur beag tionchar a bhíonn ag na modhanna taistil seo ar an timpeallacht.

**87%**
den lucht cónaithe a dhéanann turas de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi

**52%**
na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi cúig lá sa tseachtain ar a laghad

### Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag rothlú cúig lá sa tseachtain ar a laghad

**Inscne**[i]

**52%** de mhná

**52%** d'fhir

**Eitneachas**

**52%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**52%** de dhaoine geala

**Aois**

**69%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**52%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**55%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**45%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**47%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**42%** de dhaoine 66+ d'aois

**Míchumas**

**48%** de dhaoine faoi mhíchumas

**53%** de dhaoine gan mhíchumas

**Grúpa socheacnamaíoch**[ii]

**57%** de AB

**56%** de C1

**46%** de C2

**48%** de DE

ii. Is éard atá i gceist le grúpa socheacnamaíoch ná aicmiú atá bunaithe ar ghairm bheatha arb é an Cumann Taighde Margaidh a choinníonn suas chun dáta é. Is gairmithe agus lucht bainistíochta iad Grúpaí A agus B. Is maoirseoirí/oifigigh cléireachais agus mic léinn iad Grúpa C1. Is oibrithe láimhe oilte iad Grúpa C2. Is oibrithe láimhe leathoilte agus neamhoilte, cúramaithe baile agus daoine dífhostaithe iad Grúpaí D agus E.

i. Ní raibh méid an tsampla de fhreagróirí a ionannaíonn le 'hinscne eile' mór a dhóthain le bheith suntasach ó thaobh staitistice de agus dá bhrí sin ní chuirtear i láthair anseo é.

## Sábháilteacht agus sástacht ag siúl agus ag rothlú

**84%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil leibhéal sábháilteachta maith ann do dhaoine a dhéanann turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi

**76%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil leibhéal sábháilteachta maith ann do pháistí a dhéanann turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi

**88%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo gur áit mhaith é a gceantar féin ar an iomlán le turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a dhéanamh

### An céatadán de chónaitheoirí a cheapann go bhfuil sábháilteacht siúil nó rothlaithe ina gceantar áitiúil go maith

#### Inscne

**83%** de mhná

**85%** d'fhir

#### Eitneachas

**93%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**83%** de dhaoine geala

#### Aois

**85%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**83%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**86%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**84%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**87%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**81%** de dhaoine 66+ d'aois

#### Míchumas

**77%** de dhaoine faoi mhíchumas

**85%** de dhaoine gan mhíchumas

#### Grúpa socheacnamaíoch

**84%** de AB

**83%** de C1

**90%** de C2

**82%** de DE



### Elizabeth Sheehan

Tá siúlóid áisiúil, ach sa chathair tá cosáin chúnga agus míchothroma ann, agus cuid mhór bac, siopaí agus caiféanna a úsáideann spás sa chosán. I gceantair chónaithe, tá go leor conspóide ann maidir le páirceáil ar chosáin.

Ba chóir go mbeadh cathair inchónaitheach. Is coisí gach duine am éigin, fiú mura bhfuil i gceist ach siúl ón gcarr isteach i siopa.

Níl 'sinn' in aghaidh 'iad' i gceist. Ní mór dúinn a bheith ag smaoineamh anois ar rudaí ar bhealach difriúil, ag cinntiú go ndéanaimid riachtanais gach duine a mheas.

Le spás rothaíochta ainmnithe, bheadh daoine ag mothú i bhfad níos sábháilte. Má tá limistéir spáis chomhroinnte againn chun siúl agus dul ar rothair inti, tá mé níos compordaí ar an toirt le bheith ag siúl, toisc gurb é rothar mo chomharsa is cóngaraí, ní carr.



# Rothaíocht i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne

## Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht sa rothaíocht

### Rannpháirtíocht sa rothaíocht

Ní ghlactar páirt i rothaíocht ar bhonn cothrom. Is mó constaic a chuirtear roimh roinnt daoine má tá fonn rothaíochta orthu. An chonstaic is mó a chuireann daoine ó dhul i mbun rothaíochta is ea sábháilteacht, sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht phearsanta san áireamh.[i]

**22%**
den lucht cónaithe a bhíonn ag rothaíocht

**15%**
den lucht cónaithe a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad

### Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad

**Inscne**

**10%** de mhná

**20%** d'fhir

**Eitneachas**

**16%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**15%** de dhaoine geala

**Aois**

**27%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**16%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**16%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**14%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**11%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**5%** de dhaoine 66+ d'aois

**Míchumas**

**8%** de dhaoine faoi mhíchumas

**16%** de dhaoine gan mhíchumas

**Grúpa socheacnamaíoch**

**14%** de AB

**19%** de C1

**14%** de C2

**10%** de DE

i. Tuarascálacha Bike Life na bliana 2019 (cathracha éagsúla).

## Sábháilteacht agus sástacht sa rothaíocht

**71%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil an leibhéal sábháilteachta don rothaíocht go maith ina gceantar féin

**66%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil an leibhéal sábháilteachta go maith do leanaí a bhíonn ag rothaíocht

**73%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo gur áit mhaith é a gceantar féin ar an iomlán le bheith ag rothaíocht

### An céatadán de na cónaitheoirí a cheapann gur maith í an tsábháilteacht don rothaíocht ina gceantar áitiúil

#### Inscne

**72%** de mhná

**70%** d'fhir

#### Eitneachas

**80%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**70%** de dhaoine geala

#### Aois

**74%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**72%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**68%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**77%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**68%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**69%** de dhaoine 66+ d'aois

#### Míchumas

**66%** de dhaoine faoi mhíchumas

**72%** de dhaoine gan mhíchumas

#### Grúpa socheacnamaíoch

**66%** de AB

**75%** de C1

**74%** de C2

**68%** de DE



### Maurice Egan, Innealtóir

Cén fáth a ndéanaim rothaíocht? Toisc go bhfuil sé níos áisiúla. Níl mé ag cur le brú tráchta agus le contúirtí bóithre. Leis an rothar lasta leictreach, athraíodh cúrsaí go mór, tháinig sé in ionad an dara carr a bhí againn.

Spreagfaidh mé m'iníonacha chun dul ar scoil ar rothair agus iad níos sine, ach tá caveat leis - níl an bonneagar ann chun tacú leo.

Dá mbeadh sé go hiomlán scartha, laistigh de chúpla bliain ba cheart go mbeidís in ann dul ar rothair leo féin. Tá an bonneagar ríthábhachtach.

Oibrím d'fhostóir a bhfuil 1,200 duine sa chuideachta aige. Tá foireann comhshaoil againn a chuireann taisteal gníomhach chun cinn, agus tá sé ag obair. Tá páirceáil slán againn, tá seomraí feistis agus cithfholcadáin againn. Tá níos mó de na rudaí sin ag teastáil.



# Tairbhí an tsiúil

## An fáth a mbíonn gach duine thuas leis nuair a shiúlann nó nuair a rothlaíonn níos mó daoine

Is iomaí tairbhe do chách ó thaobh sláinte, geilleagair agus timpeallachta de a eascraíonn as líon na dturas a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne.

**Is ionann an fad a théann lucht cónaithe i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi gach lá agus dul timpeall an domhain 8 n-uair**

Rinneadh

**55.1 milliún turas**

de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne le bliain anuas, arb ionann nuair a chuirtear le chéile iad agus

**119.8 milliún ciliméadar**


= **330,000 ciliméadar** sa lá.

Is ionann é sin agus gach cónaitheoir ag caitheamh

**11 lá**

ag siúl nó ag dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi gan stad le bliain anuas

**Turais bhliantúla siúil agus rothlaithe de réir cuspóra**[i]




**Téann turais a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi chun tairbhe do lucht cónaithe agus do gheilleagar na háite**

Úsáideann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta samhail le tuiscint a fháil ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint agus siúl. Mar shampla, am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, maitheas don tsláinte, caighdeán an aeir agus cánachas.

**€0.94 a shábháiltear**

in aghaidh gach ciliméadar a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi seachas tiomáint go ceann scríbe Luimnigh agus Cheantar na Sionainne.

I gcaitheamh bliana amháin sin

**€30 milliún**

ar fad ó dhaoine fásta a bhfuil carr sa teaghlach acu a théann chun na hoibre, chun na scoile agus go cinn scríbe eile de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi.

Is é an sochar eacnamaíoch iomlán a fhabhraítear ó gach turas a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne


**€133.7 milliún**[ii]



i. Áirítear daoine fásta agus páistí (bíodh daoine fásta ina dteannta nó ná bíodh) leis na turais a dhéantar ar mhaithe le taitneamh agus le haclaíocht. Taispeántar turais scoile leo féin do leanaí amháin. ii. Airítear leis seo turais a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi ar mhaithe le taitneamh agus le haclaíocht, mar aon le turais á ndéanamh ag daoine a bhfuil carr acu nó atá gan charr.

## Tugann siúl agus rothlú buntáistí sláinte do gach duine

**De thairbhe an méid a shiúltar i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne seachnaítear 291 de riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach gach bliain**




Áirítear le 'riochtaí eile' diaibéiteas chineál 2, stróc, ailse cíche, ailse cholaireicteach.

Is ionann é seo go léir agus

### €4.1 milliún a shábháil

don FSS i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne in aghaidh na bliana

arbh ionann é agus an costas a bhaineann le

### 75,000 coinne DG

Bunaithe ar shonraí Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne a chur isteach in uirlis MOVES de chuid Sport England a ríomhann an toradh ar infheistíocht don tsláinte ón spórt agus ón aclaíocht.

A bhuí leis an maitheas don tsláinte a thagann as an ngníomhaíocht choirp a dhéantar mar chuid den mhéid a shiúltar i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainnecuirtear

### cosc ar 50 bás luath gach bliain

a mheastar gur fiú

### €391 milliún é[iii]

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil turais i gcathaoireacha rothaí agus ar scútair shoghluaisteachta á n-áireamh mar thurais siúil chun críocha na samhlacha MOVES agus HEAT.

Agus daoine ag siúl agus ag rothlú níos mó in ionad a bheith ag tiomáint, feabhsaítear cáilíocht an aeir, ag sábháil go bliantúil:

### 15,000 kg de $NO_x$

agus

### 1,900 kg de cháithníní

($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$)

**89%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil

## Is cabhair iad na turais a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne maidir leis an ngéarchéim aeráide atá ag bagairt orainn a mhaolú

### Sábháladh 5,500 tonna

d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) gach bliain trí shiúl nó dul ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi in ionad a bheith ag tiomáint, arb ionann é agus lorg carbóin

### 61,000 duine ag fáil eitilte

Aerfort na Sionainne go Heathrow Londain

Sa bhliain 2021 tháinig **18%** de na hastaíochtaí gáis cheaptha teasa a astaítear in Éirinn as cúrsaí iompair, agus ar na foinsí is mó de seo bhí úsáid peitril agus díosail i mbun iompar ar bhóthar.

Idir 1990 agus 2021, tháinig méadú **114%** ar astaíochtaí ó chúrsaí iompair.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Deiridh na hÉireann 1990-2021.

## Coimeádann siúl agus dul ar áis a bhfuil rothaí uirthi Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne ag imeacht

Taispeánann staidéir gur mó an spás ar an mbóthar i ngeall ar an siúl nó rothaíocht i gcomparáid le tiomáint.[iv] Cuidíonn sé sin le Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne a choinneáil ag gluaiseacht do gach úsáideoir bóthair.

### 29,000 turas fillte

a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne ag daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.

iv. Litman, 2023. Evaluating Transportation Land Use Impacts. Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. The Time-Area Concept.

Dá mbeadh na carranna seo go léir i dtranglam tráchta shínfeadh sé siar

### 140 ciliméadar

fad slí arb ionann é agus an fad slí idir Cathair Luimnigh agus Cathair Phort Láirge.



iii. Bunaithe ar EDS/Uirlis um Shláinte Gheilleagrach na hEorpa a Mheas (HEAT), lenar féidir measúnú a dhéanamh ar an maitheas a dhéantar don tsláinte trí mheastachán a dhéanamh ar an laghdú ar an ráta báis a tharla de bharr an méid a siúladh.



# Tairbhí na rothaíochta

## An fáth a mbíonn gach duine thuas leis nuair a bhíonn níos mó daoine ag rothaíocht

**Is leor an méid rothaíochta a dhéanann lucht cónaithe Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne gach lá le turas timpeall an domhain a dhéanamh**


Rinneadh

**3.4 milliún turas**
rothaíochta i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne le bliain anuas

Is ionann sin agus

**14.8 milliún ciliméadar**
= **40,000 ciliméadar** sa lá

**Turais bhliantúla rothaíochta de réir na cuspóra i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne[i]**




**Téann an rothaíocht chun tairbhe do chónaitheoirí agus don gheilleagar áitiúil**

Úsáideann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta samhail le tuiscint a fháil ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint agus rothaíochta. Mar shampla, am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, maitheas don tsláinte, caighdeán an aeir agus cánachas.

**Sábháiltear €1.40**
in aghaidh gach ciliméadar a dhéantar ar rothar seachas tiomáint go ceann scríbe i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne.

I gcaitheamh bliana amháin, is é sin suas le

**€6.2 milliún**
ar fad ó dhaoine fásta a bhfuil carr sa teaghlach acu a théann chun na hoibre, chun na scoile agus go cinn scríbe eile ar rothar.


Is é an sochar eacnamaíoch iomlán a fhabhraítear ó gach turas rothaíochta i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne

**€11.7 milliún[ii]**

i. Áirítear daoine fásta agus páistí (bíodh daoine fásta ina dteannta nó ná bíodh) leis na turais fóillíochta. Taispeántar turais oideachais do dhaoine fásta agus do leanaí astu féin. Baineann na turais eile ar fad le daoine fásta amháin. ii. San áireamh leis sin tá turais ar rothair ar mhaithe le taitnimh nó folláine, agus turais chuig cinn scríbe ag daoine a bhfuil carr acu agus nach bhfuil carr acu.

## Tugann rothaíocht buntáistí sláinte do gach duine

**De thairbhe na rothaíochta i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne, seachnaítear 29 de riocht sláinte trom fadtéarmach gach bliain**




Áirítear le 'riochtaí eile' diaibéiteas chineál 2, stróc, ailse cíche, ailse cholaireicteach.

Is ionann é seo go léir agus

### €440,000 a shábháil

don FSS i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne in aghaidh na bliana

arbh ionann é agus an costas a bhaineann le

### 8,100 coinne DG

Bunaithe ar shonraí Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne a chur isteach in uirlis MOVES de chuid Sport England a ríomhann an toradh ar infheistíocht don tsláinte ón spórt agus ón aclaíocht.

A bhuí leis an maitheas don tsláinte a thagann as an ngníomhaíocht choirp a bhaineann le rothaíocht i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainnecuirtear

### cosc ar 2 bhás luath gach bliain

lena meastar luach

### €16 milliún[iii]

iii. Bunaithe ar Uirlis Mheasúnaithe Eacnamaíoch don tSláinte (HEAT) de chuid EDS/na hEorpa, a chumasaíonn measúnú eacnamaíoch ar na buntáistí sláinte a bhaineann le rothaíocht trí luach na básmhaireachta laghdaithe a eascraíonn as méideanna sonraithe rothaíochta a mheas.

Agus daoine ag rothaíocht níos mó in ionad a bheith tiomáint feabhsaítear cáilíocht an aeir, ag sábháil go bliantúil:

### 1,900 kg de $NO_x$

agus

### 230 kg de cháithníní

($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$)

**89%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil

## Is cabhair iad na turais rothaíochta i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne maidir leis an ngéarchéim aeráide atá ag bagairt orainn a mhaolú

### 750 tonna

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) a shábháiltear gach bliain trí rothaíocht in ionad a bheith ag tiomáint, arb ionann é agus lorg carbóin de

### 8,300 duine ag fáil eitleán

ó Aerfort na Sionainne go Heathrow Londain

Sa bhliain 2021, tháinig **18%** de na hastaíochtaí gáis cheaptha teasa a astaítear in Éirinn as cúrsaí iompair, agus ar na foinsí is mó de seo bhí úsáid peitril agus díosail i mbun iompar ar bhóthar.

Idir 1990 agus 2021, tháinig méadú **114%** ar astaíochtaí ó chúrsaí iompair.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Deiridh na hÉireann 1990-2021.

## Coinníonn an rothaíocht i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne ag gluaiseacht

Taispeánann staidéir gur mó an spás ar an mbóthar i ngeall ar an siúl nó rothaíocht i gcomparáid le tiomáint.[iv] Cuidíonn sé sin le Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne a choinneáil ag gluaiseacht do gach úsáideoir bóthair.

### 2,300 turas rothaíochta fillte

a dhéantar i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne ag daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.

Dá mbeadh na carranna seo go léir i dtranglam tráchta shínfeadh sé siar

### 11 ciliméadar

fad slí arb ionann é agus an fad slí ó Chathair Luimnigh go dtí An Chreatalach.



iv. Litman, 2023. Evaluating Transportation Land Use Impacts.
Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. The Time-Area Concept.



# Réitigh siúil

## Cad é a chuideodh le siúl agus gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi a dhéanamh níos éascú?

**Teastaíonn níos mó seirbhísí agus conláistí ó chónaitheoirí laistigh d'achar siúil agus rothlaithe**

Go hidéalach, ba cheart go mbeadh siúl nó ag gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi ar an rogha is tarraingtí do thurais ghearra. D'fhéadfadh limistéar tacú leis sin trína chinntiú go mbeidh go leor de na rudaí a theastaíonn ó dhaoine ar fáil gar don áit ina gcónaíonn daoine. Ba chóir go mbeadh an timpeallacht sábháilte, compordach agus fáiltiúil.

Áiteanna is ea iad comharsanachtaí 20 nóiméad ónar féidir leat siúl ó do theach chuig go leor de na rudaí a theastaíonn uait ar bhonn rialta (amhail siopaí, páirceanna, scoileanna) agus ar ais arís laistigh de 20 nóiméad.

**Cén céatadán cónaitheoirí nár mhiste leo níos mó áiseanna agus seirbhísí áitiúla a bheith ann chun cabhrú leo siúl nó rothlú níos mó?**

**75%** Níos mó siopaí agus seirbhísí laethúla, amhail bainc agus oifigí poist, gar do do theach

**74%** Níos mó seirbhísí, amhail ionaid sláinte dochtúirí agus scoileanna, gar do do theach

**80%** Níos mó páirceanna nó spásanna glasa gar do do theach

**79%** Tuilleadh rudaí le feiceáil agus le déanamh gar do do theach, amhail caiféanna nó ionaid siamsaíochta


**Tá 11%** de theaghlaigh Luimnigh agus Cheantar na Sionainne i gcomharsanachtaí ina bhfuil níos mó ná 40 teach in aghaidh an heicteáir.

Sna comharsanachtaí ard-dlúis sin, is féidir gnólachtaí áitiúla a choinneáil ar bun agus bealaí iompair phoiblí a chothú ar bhealach níos éasca. Cuidíonn sé sin le spleáchas ar charranna a laghdú.[i]

**Aontaíonn 75%** gur féidir leo dul chuig go leor áiteanna a gcaithfidh siad cuairt a thabhairt orthu gan tiomáint go héasca

**Céatadáin na dteaghlach laistigh de raon 800m de na taitneamhachtaí seo a leanas**

Bunaítear é sin mar fhad dírlíne, seachas an fad siúil iarbhír bunaithe ar leagan amach sráide ar dócha go mbeidh sé níos faide (coibhéis thar ar 960m).




i. Sustrans, 2017. Taisteal Gníomhach agus Iompar Poiblí a Nascadh le Fás agus le Pleanáil Tithíochta.
ii. Trí chineál ionad cultúrtha agus fóillíochta ar a laghad, amhail caiféanna, tithe tábhairne, hallaí biongó, pictiúrlanna, músaeim.

## Teastaíonn sráideanna níos fearr ó chónaitheoirí

Tá go leor bealaí ann lenár sráideanna agus ár gcomharsanachtaí a dhéanamh sábháilte, fáiltiúil agus compordach do gach duine chun siúl nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi iontu.

### Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcabhródh na hathruithe seo leo siúl nó rothlú níos mó?

**74%** Cosáin níos leithne

**73%** Trasrianta bóthair níos rialta, le hamanna feithimh laghdaithe

**79%** Áiteanna níos deise ar feadh sráideanna chun stopadh agus scíth a ligean, amhail níos mó binsí, crann agus foscadán

**83%** Inrochtaineacht níos fearr ar chosáin, amhail dromchlaí cothroma, colbhaí tite ag pointí trasnaithe

**79%** Níos lú carranna páirceáilte ar an gcosán

**80%** Níos lú eagla roimh choireacht nó iompar frithshóisialta ina gceantar

I Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne:

**27%** de bhóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha a bhfuil leithead cosáin níos mó ná 3m acu[iii]

**38%** de na mionbhóithre a bhfuil leithead cosáin níos mó ná 2m acu

**93%**
de chónaitheoirí a aontaíonn dá ndéanfaí níos mó beart chun coireacht agus iompar frithshóisialta ar an tsráid nó i spásanna poiblí a laghdú go bhfeabhsófaí a gceantar áitiúil



iii. Is príomhbhóithre iad bóithre náisiúnta agus bóithre réigiúnacha. Rinneadh leithid cosáin a ríomh le húsáid a bhaint as sonraí Prime II de chuid Thailte Éireann (SOÉ roimhe seo) ceadúnaithe faoin gComhaontú Náisiúnta um Léarscáiliú: CYAL50370872 © Tailte Éireann – Suirbhéireacht. Ní chuirtear baic, amhail stadanna bus nó boscaí bruscair san áireamh i leithead an chosáin.



### Helena Close, Údar / Siúlóir Rialta

Is cathair siúil iontach í Luimneach. Rinne mé iarracht chomhfhiosach gan mo charr a úsáid le haghaidh turas is féidir a dhéanamh i siúl gearr.

Is teaghlach mór rugbaí sinn, agus siúlaimid go rialta chuig Staidiam Pháirc Thuamhan ar laethanta cluichí agus ar ais uaithi. Tá an t-eispéireas iontach ar fad!

Ní mór dúinn lár na gcathracha a athshamhlú. Ba bhreá liom níos mó ceantar do choisithe a fheiceáil sa chathair.

Tá roinnt siúlóidí galánta againn agus trí cheantair do choisithe a dhéanamh measaim go gcuirfí ar chumas daoine taitneamh a bhaint astu go sábháilte gan an brú tráchta. Cuireann sé isteach ar dhaoine.

Ba chóir go mbeadh lár na cathrach ina spás inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as. Tús maith a bheadh ann níos mó infheistíochta a dhéanamh sa siúl agus san iompar poiblí.




# Réitigh rothaíochta

## Cad é a dhéanfadh rothaíocht níos fearr?

### Is mian le go leor cónaitheoirí i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne dul ag rothaíocht

**Conas a fheiceann cónaitheoirí iad féin i dtaca le rothaíocht de?**




**Cén céatadán de chónaitheoirí a dúirt 'nach mbíonn siad ag rothaíocht ach gur mhaith leo dul ag rothaíocht'?**

**24%** de mhná

**41%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**12%** de dhaoine faoi mhíchumas

### Teastaíonn bonneagar rothaíochta feabhsaithe ó chónaitheoirí

**Cén céatadán de chónaitheoirí a dhéanfadh níos mó rothaíochta dá mbeadh áiseanna níos fearr ann?**


**70%**
Níos mó bealaí rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ó bhóithre, amhail trí pháirceanna nó feadh uiscebhealaí

**67%**
Níos mó raonta rothar feadh bóithre atá scartha go fisiciúil ó thrácht agus ó choisithe

**70%**
Níos mó bealaí rothaíochta áitiúla le comharthaí feadh sráideanna níos ciúine


**64%**
Naisc níos fearr le hiompar poiblí, amhail páirceáil shlán rothair ag stáisiúin traenach, stadanna bus/stáisiúin

**76%**
de chónaitheoirí a thacaíonn le níos mó raonta rothaíochta atá scartha go fisiciúil ón trácht agus ó choisithe a thógáil, fiú nuair a chiallódh sé sin níos lú spáis do thrácht eile ar bhóithre



## Teastaíonn níos mó tacaíochta ó chónaitheoirí chun rothaíocht

### Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcabhródh na cineálacha tacaíochta seo leo rothaíocht níos mó?




**Ar fud dhá scéim um rothair ar cíos Cheantar Uirbeach Luimnigh / Shionainne[i]**

**230**
rothar roinnte

**37**
stáisiún fruilithe rothar

**22,610**
turas bliantúil


**Goid rothair tuairiscithe**

Tuairiscíodh gur goideadh 985 rothar i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne sna blianta 2022/23.

**1,103** sna blianta 2021/22

I gcás gach 47 duine ag a bhfuil rothar duine fásta i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne, tuairiscíodh gur goideadh 1 rothar le bliain anuas.


**Céatadáin na gcónaitheoirí a bhfuil rochtain acu ar rothar duine fásta**




**Tá 78%**
de chónaitheoirí i bhfabhar lascainí airgeadais do dhaoine ar ioncam íseal nó nach bhfuil i bhfostaíocht chun cuidiú leo rothar a cheannach

**16%**
de theaghlaigh atá laistigh de 800m ó shiopa rothaíochta[ii]





**Stephen Murray, Anailísí Saotharlainne**

Ba é an comhshaol a spreag mé chun tús a chur le rothaíocht ach is mó a bhaineann sé le háisiúlacht. Níl mé ag iarraidh an strus a bhaineann le carr a thabhairt isteach sa chathair.

Bhunaigh mé Grúpa Rothaíochta Uirbeach Luimnigh tar éis dom a bheith muiníneach ar na bóithre. Is féidir le haon duine páirt a ghlacadh, agus beidh meascán maith daoine ann. Tá sé an-neamhfhoirmiúil. Is grúpa sóisialta é chomh maith le grúpa rothaíochta.

Tá gealltanas ann do thaisteal gníomhach ar leibhéal an rialtais agus na comhairle. Tríd is tríd, tá an treocht ag dul ar an mbealach ceart.

Tá gréasán rothaíochta dea-shainithe de dhíth ar Luimneach, chun ligean duit nascadh ó thaobh amháin den chathair go dtí an taobh eile. Tá bóithre leathana ann, go háirithe i gcomparáid le roinnt cathracha Éireannacha, agus mar sin tá spás ann.

i. Clúdaítear sna sonraí Iúil 2022 – Meitheamh 2023.
ii. © Rannpháirtithe OpenStreetMap.



# Réitigh chomharsanachta

## Cad é a chabhródh le comharsanachtaí a dhéanamh níos fearr?

### Ba chóir go mbraithfeadh gach cónaitheoir go bhfuil fáilte rompu ina gcomharsanacht

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhíonn compordach ag siúl, ag rothlú nó ag caitheamh ama ar shráideanna a gceantair**

**91%**
de chónaitheoirí

**91%** de mhná

**91%** d'fhir

**95%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**91%** de dhaoine geala

**92%** de dhaoine faoi mhíchumas

**91%** de dhaoine gan mhíchumas

**91%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE

**94%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

### Is féidir le ceannas mótarfheithiclí siúl, rothlú agus rothaíocht a dhíspreagadh

**76%** de chónaitheoirí a shíleann nach bhfuil a sráideanna faoi smacht ag mótarfheithiclí a bhíonn ag gluaiseacht nó páirceáilte.

**Ach bheadh níos lú mótarfheithiclí ar a sráideanna úsáideach do chónaitheoirí chun:**

**74%** Siúl níos mó nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi níos mó

**65%** Taisteal níos mó ar rothar

Níl mionbhóithre ísealúsáide deartha chun tréthrácht a iompar, ach i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne níl aon rud le cosc a chur ar **16%** dá fhad iomlán. D'fhéadfadh cóngar sciuirde a bheith mar thoradh air sin.[i]

**66%** a aontaíonn go mbeadh a gceantar níos fearr as dá gcuirfí srian ar thréthrácht ar shráideanna cónaithe áitiúla.

**Ach luasteorainn 30km/u a bheith ag níos mó sráideanna chabhródh sé le cónaitheoirí chun:**

**74%** Siúl níos mó nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi níos mó

**65%** Taisteal níos mó ar rothar

### Teastaíonn ó chónaitheoirí gur spásanna níos fearr do dhaoine chun am a chaitheamh iontu a sráideanna áitiúla

**82%**
a aontaíonn go ndéanfaí áit níos fearr dá gceantar áitiúil dá gcuirfí leis an spás do dhaoine a bheith ag sóisialú, ag siúl agus ag rothaíocht ar a bpríomhshráid áitiúil

**83%**
a aontaíonn go ndéanann siad comhrá rialta lena gcomharsana, níos mó ná beannú dóibh go díreach

**85%**
a thacaíonn le comharsanachtaí íseal-tráchta

i. Bunaithe ar anailís arna déanamh ag CycleStreets www.lowtrafficneighbourhoods.org. Is iad mionbhóithre ísealúsáide na cinn a rangaítear mar 'mhionbhóithre nach bhfuil chomh suntasach' ar OpenStreetMap.



### Rachel Enright, Oifigeach Faisnéise

Tá mé i mo chónaí sa chathair le breis agus 22 bliain anuas. Ar feadh na mblianta, chuaigh mé gach áit ar an rothar le mo leanbh is sine, ach nuair a tháinig an dara agus an tríú leanbh, bhí mo rothar páirceáilte ar feadh roinnt blianta.

Níorbh fhéidir liom a bheith ag rothaíocht liom féin le mo leanaí mar gheall ar easpa bonneagair.

Chuamar le grúpa teaghlach inár gceantar agus thosaíomar ag dul chun na scoile gach lá ar rothair. De réir mar a d'éiríomar níos muiníní, chuireamar deireadh leis an dara carr.

Tá athruithe móra ag tarlú maidir le bealaí rothaíochta leithscartha nua, agus táim dóchasach go roghnóidh go leor daoine turais ghníomhacha chun na hoibre.

Laghdófar brú tráchta leis agus beidh tionchar dearfach aige ar an gcomhshaol. Ach go háirithe toisc nach féidir na tairbhí sláinte, sóisialta agus eacnamaíocha don teaghlach a bhaineann le rothaíocht a thomhas.

## Ní mór cuimhneamh ar leanaí agus comharsanachtaí á ndearadh

Ba chóir go mbeadh comharsanachtaí ina n-áiteanna inar féidir le leanaí déanamh go maith. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí neamhspleáchas a mhéadú, spás a chur ar fáil chun súgradh agus bualadh le chéile, agus an turas chun na scoile a fheabhsú.

Má dhearaimid comharsanachtaí agus leanaí ar intinn againn, oibreoidh siad níos fearr do gach duine eile freisin.

**10 mbliana d'aois**
an mheánaois a ligfeadh daoine dá gcuid leanaí siúl nó rothaíocht go neamhspleách ina gcomharsanacht.

Tá cead ag **80%** de leanaí seacht mbliana d'aois sa Ghearmáin dul ina n-aonar chuig áiteanna faoi fhad siúil, seachas an scoil.[ii]

**80%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil spás ann do leanaí sóisialú agus súgradh

**41%** de theaghlaigh atá laistigh de 800m ó chlós súgartha do leanaí

I measc lucht cónaithe i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne:

**52%** a aontaíonn

**30%** nach n-aontaíonn

dá ndúnfaí sráideanna lasmuigh de scoileanna áitiúla ar charranna le linn amanna fágála agus bailithe go gcuirfí feabhas ar a gceantar áitiúil

Tugtar 'Sráideanna Scoile' orthu sin.

Tá scéimeanna Sráideanna Scoile i 1 scoil i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne.[iii]

Chomh maith leis sin, féach Bealaí Sábháilte chun na Scoile ar leathanach 23.



ii. Soghluaisteacht Neamhspleách Leanaí: comparáid idirnáisiúnta agus moltaí le haghaidh gníomhaíochta, 2015.
iii. Tá an figiúr atá tugtha i gceart amhail an 31 Bealtaine 2023.



# Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne a fhorbairt

## Athruithe le déanaí i dtaca le siúl, rothlú, rothaíocht agus comharsanachtaí

Is bealach iontach é Taisteal Gníomhach chun dul chuig áiteanna éagsúla, agus ag an am céanna a bheith aclaí, truailliú a laghdú agus airgead a shábháil. Téann taisteal gníomhach chun tairbhe don duine aonair agus don chathair araon. Tá mórchuid na gcónaitheoirí i gCeantar Uirbeach Luimnigh/Shionainne ina gcónaí i limistéar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (CCCL). Oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) i gcomhar le LCCC maidir le tionscadail um Thaisteal Gníomhach a sheachadadh. Áirítear leis sin forbairt ar lánaí rothaíochta leithscartha agus cosáin leathnaithe, droichid nua siúil agus rothaíochta, agus trasbhealaí nua do choisithe.

Cuireann na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 de chuid an Rialtais taca faoi obair Chlár um Thaisteal Gníomhach an ÚNI. Ceann de na príomhaidhmeanna a luadh ná líon na ngréasán siúil agus rothaíochta a mhéadú ionas gurb ionann siúl, rothaíocht agus iompar poiblí agus 50% de na turais go léir a dhéanfar faoin mbliain 2030. Maoiníonn an Roinn Iompair na tionscadail trí Chlár um Thaisteal Gníomhach an Údaráis Náisiúnta Iompair agus déanann na hÚdaráis Áitiúla iad a bhainistiú agus a sheachadadh.

Osclaíodh Scéim Cíosa Rothar Iompar d'Éirinn de chuid Luimnigh sa bhliain 2014. Clúdaíonn sé lár na cathrach agus leathnaíonn sé go hOllscoil Teicneolaíochta na Sionainne (OTS), Páirc Thuamhan, Coláiste Mhuire gan Smál agus na Tailte CLG. Bunaíodh foireann um Thaisteal Gníomhach i Luimneach chun tionscadail a fhaigheann maoiniú ón ÚNI a sheachadadh agus suas go dtí deireadh na mbliana 2022, rinneadh €53 milliún a infheistiú i scéimeanna taistil ghníomhaigh.

Ón mbliain 2020, i leith tháinig méadú suntasach ar an ráta infheistíochta, ag seachadadh roinnt tionscadal um thaisteal gníomhach a sholáthraíonn níos mó deiseanna siúil agus rothaíochta ar fud na cathrach.


> Ó 2020 i leith tháinig méadú suntasach ar an ráta infheistíochta, ag seachadadh roinnt tionscadal um thaisteal gníomhach a sholáthraíonn níos mó deiseanna siúil agus rothaíochta ar fud na cathrach.




## Glasbhealach Uirbeach Chaladh an Treoigh

Osclaíodh Glasbhealach Uirbeach Chaladh an Treoigh sa bhliain 2021. Cuireann sé timpeallacht shábháilte easbhóthair ar fáil do rothaíocht agus siúl i gcroílár bruachbhailte Luimnigh. Téann an Glasbhealach beagnach 1.3km agus nascann sé scoileanna áitiúla, clós súgartha, siopaí agus tithe. Is é seo an chéad chuid d'infheistíocht shuntasach sa cheantar, le tuilleadh feabhsuithe beartaithe, agus Bóthar Pháirc Plassey san áireamh.



## An Mhodhscoil – Sráid na Scoile

Osclaíodh ceann de chéad Shráideanna na Scoile a seachadadh faoin gClár Bealaí Sábháilte chun na Scoile ag an Modhscoil sa bhliain 2022. Rinneadh athdhearadh iomlán ar Shráid Roden chun breis spáis a chur san áireamh do choisithe agus do rothaithe, mar aon le dromchla donnbhuí, plandálaí agus saothar ealaíne. Ní cheadaítear mótarfheithiclí ar an tsráid ag amanna fágála agus bailiúcháin (8-9rn, 1:15-2:45in). Áiríodh leis an tionscadal freisin feabhsuithe ar an acomhal ar thaobh an bhóthair ag Ascaill Uí Chonaill, gairdín báistí agus trasrian coisithe nua ag Sráid Uí Chuinn.



## Bóthar de hÍde

Soláthraíonn scéim Bhóthar de hÍde a osclaíodh le déanaí áiseanna um thaisteal gníomhach ar ardchaighdeán a nascann Bóthar Childers le Bóthar Uí Chiara Íochtarach, ar príomhbhealach é i dtreo lár na cathrach. Áiríonn sé raonta rothaíochta leithscartha 2m ar an dá thaobh den bhóthar, chomh maith le bonneagar coisithe agus rochtain ar stadanna bus nua. Chruthaigh sé timpeallacht bóithre maolaithe tráchta agus feabhsaithe go mór do chónaitheoirí. Áirítear freisin cóireálacha bealaí isteach taoibh de réir na treorach reatha chomh maith le trasrianta coisithe breise.



## Tionscadal Tréscaoilteachta Bhaile Ó gCathasaigh, an tSionainn

Críochnaíodh an scéim seo sa bhliain 2023, agus chuimsigh céim na tógála den scéim seo leathnú agus athdhromchlú ar chosáin reatha, cuireadh bealaí nua cosáin leis, mar aon le pointí trasnaithe coisithe, rampaí agus oibreacha teannaithe acomhail, chun rochtain ar sheirbhísí agus ar lár an bhaile a fheabhsú. Soláthraíonn na bearta sin bealach eile do choisithe. Beidh buntáistí éagsúla ag baint leis an tionscadal do chónaitheoirí an cheantair agus cabhróidh sé le tacú le gníomhaíocht ghnó in Ionad Siopadóireachta Bhaile Ó gCathasaigh agus in Ionad Ceardaíochta Bhaile Ó gCathasaigh. Freastalaíonn an tionscadal freisin ar Scoil Náisiúnta Naomh Aodháin, agus rochtain sábháilte á soláthar do leanaí áitiúla.



# An tslí chun cinn

## Sráideanna agus áiteanna níos fearr do chách

### Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne (SICCC)

Foilsíodh SICCC i mí na Samhna 2022. Leagann sé amach an creat le haghaidh gréasán iompair inrochtana, ardcháilíochta agus comhtháite a dhéanann soláthar don éileamh taistil agus don fhás inbhuanaithe i Luimneach. Is é ceann de chuspóirí na straitéise seo ná cultúr rothaíochta láidir a chruthú i limistéar Luimnigh. Áirítear leis sin an beart atá beartaithe chun gréasán rothaíochta atá sábháilte, cuimsitheach, tarraingteach agus inléite a sholáthar.

### Clár Pathfinder: Nascacht Ollscoil Chathair Luimnigh

Is tionscadal taispeántóra é naisc taistil ghníomhaigh idir na trí phríomhinstitiúid tríú leibhéal i Luimneach – Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (OTS), Ollscoil Luimnigh (UL) agus Coláiste Mhuire Gan Smál – ar an gClár Pathfinder, faoin mBeartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe Náisiúnta. Tiocfaidh na tionscadail taistil ghníomhaigh le chéile i lár na cathrach, ag soláthar bonneagar feabhsaithe i gceantar Ché Artúir. Cuimsíonn an tionscadal trí scéim: an Glasbhealach atá ann cheana a nascann an Baile Gaelach i lár na cathrach le hOllscoil Luimnigh, feadh Chanáil na Páirce agus na Sionainne; agus Coláiste Mhuire Gan Smál le Lár na Cathrach agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne le Lár na Cathrach, a mheastar a bheith críochnaithe faoin mbliain 2026.

### Mol Rothar

Sa bhliain 2023, d'oscail Luimneach an chéad Mhol Rothar lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Is comhpháirtíocht í seo idir LCCC, an ÚNI, fiontair shóisialta agus carthanachtaí chun seirbhísí deisithe agus oiliúna rothar a sholáthar. Bhain baill de na pobail dídeanaithe agus imirceach leas as seirbhísí saor in aisce an Mhoil, rud a chuir lena gcumas dul ar rothair timpeall na cathrach chun rochtain a fháil ar oideachas, ar obair agus ar ghníomhaíochtaí sóisialta.

Bhain baill de na pobail dídeanaithe agus imirceach leas as seirbhísí saor in aisce an Mhoil, rud a chuir lena gcumas dul ar rothair timpeall na cathrach chun rochtain a fháil ar oideachas, ar obair agus ar ghníomhaíochtaí sóisialta.

## Bealaí Sábháilte chun na Scoile (SRTS)

Chomh maith le Sráid Scoile na Modhscoile a luadh thuas, tá roinnt scoileanna eile sa limistéar cathrach a bhainfidh leas as scéimeanna SRTS. Tá criosanna scoile oscailte cheana féin ag Scoil Náisiúnta Naomh Pól i dTuar an Daill agus i nGaelscoil Sairséal, agus táthar ag súil go mbeidh Scoil Naomh Neasáin agus Scoil Íde ar na chéad tionscadail eile a chuirfear i gcrích.

## Scéimeanna atá le teacht

Chomh maith leis na scéimeanna Pathfinder atá leagtha amach thuas, tá pleanáil bainte amach ag CCLLC do raon de phríomhscéimeanna taistil ghníomhaigh sa limistéar cathrach. Beidh Bóthar an Athar Ruiséil agus an Ráithín go Crois Uí Chuinn ag freastal ar cheantair mhóra chónaithe i dTuar an Daill. Déanfar forbairt ar Bhóthar na hInse in oirthear na cathrach mar phríomhdhroim, agus seachadfar Bóthar an Mhuilinn an bhliain seo chugainn i gceantar an Chorrbhaile.

Ag breathnú níos faide ar aghaidh, tá maoiniú faighte ag LCCC ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach do dhroichid nua i lár na cathrach. Tá cás gnó á fhorbairt le haghaidh droichead coisithe agus rothaíochta thar an tSionainn, idir Droichead na Sionainne agus Droichead an tSáirséalaigh. Tá naisc nua féideartha trasna Abhainn na Mainistreach san áireamh sa chás gnó sin freisin.



### David McCormack, Príomhoide

Tá pobal na scoile thar a bheith sásta leis an bhfaomhadh le déanaí maidir le feabhsuithe ar an mbonneagar siúlóide agus rothaíochta timpeall ár scoile. Tá tiomantas An Taisce, an ÚNI agus Comhairle Contae an Chláir do thimpeallacht níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a chothú dár scoláirí agus don phobal i gcoitinne le moladh.

Is cinnte go gcuirfidh pointí trasnaithe nua, comharthaíocht, soilsiú, agus srianadh tuisceanach ar pháirceáil thart ar bhealach isteach na scoile le sábháilteacht agus folláine iomlán na n-úsáideoirí bóithre. Beidh na bearta sin ar chomhréim freisin le spriocanna níos leithne na scoile maidir le taisteal gníomhach a chur chun cinn agus tionchar ar an gcomhshaol a laghdú.

Táimid an-bhuíoch as an gcur chuige comhoibríoch a ghlac an t-údarás áitiúil maidir le dul i dteagmháil leis an scoil agus riachtanais uathúla ár scoláirí agus a dteaghlach a mheas.

Ní hamháin go spreagfaidh an tionscnamh seo níos mó scoláirí agus tuismitheoirí chun modhanna iompair inbhuanaithe a roghnú ach cothóidh sé braistint phobail agus chairdis de réir mar a thagann daoine le chéile chun taitneamh a bhaint as na bealaí seo a feabhsaíodh le déanaí.

Maidir le tuilleadh feabhsuithe amach anseo, bhainfeadh Scoil Náisiúnta na Cluana Muiní an-tairbhe as dá bhféadfaí an cosán reatha ar an R458 a leathnú soir chun teacht le chéile le Bóthar Réigiúnach an R471. Chuirfeadh sé sin feabhas ar shábháilteacht agus ar thréscaoilteacht do gach úsáideoir, go háirithe leanaí scoile.

## Nótaí maidir leis an modheolaíocht:

Rinne cuideachta neamhspleách taighde margaidh 'Behaviour & Attitudes' an suirbhé dearcaidh ó mhí Bealtaine go dtí mí Iúil 2023.

Déantar léargas sa suirbhé ar gach cónaitheoir i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne, ní orthu siúd a bhíonn ag siúl, ag gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi nó ag rothaíocht amháin.

Faightear na sonraí eile go léir ónár gcomhpháirtithe cathrach, tacair sonraí náisiúnta nó déanann Sustrans iad a shamhaltú agus a ríomh.

Úsáidtear samhail a d'fhorbair Sustrans i meastacháin turais. Nuair a dhéantar comparáid le suirbhéanna taistil eile, d'fhéadfadh roinnt éagsúlachta a bheith ann maidir le céatadán na dturas a dhéantar de réir chuspóir an turais.

Baineadh úsáid as slánú tríd an tuarascáil. In go leor cásanna, rinneamar na figiúirí a shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire. Seachnaítear slánú sa chás go bhféadfadh sé bheith ina chúis le mearbhall, mar shampla le meastacháin samhaltaithe a léirítear i roinne na hachoimre agus na sochar.

Tá tuilleadh eolais agus modheolaíocht mhionsonraithe ar fáil ag www.sustrans.org.uk/walking-cycling-index

---

Déanann Sustrans níos éasca é do gach duine dul ag siúl, gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí orthu agus dul ag rothaíocht.

Oibrímid ar son pobal agus le pobail, ag cuidiú le beocht a chur iontu trí shiúl, gabháil thart ar áiseanna a bhfuil rothaí orthu agus rothaíocht chun áiteanna níos sláintiúla agus saolta níos sona a chruthú do chách.

Bígí linn ar ár dturas. www.sustrans.org.uk

Is carthanas cláraithe é Sustrans sa Ríocht Aontaithe Uimh. 326550 (Sasana agus an Bhreatain Bheag) SC039263 (Albain)

© Sustrans Márta 2024
© Grianghraif: Don Moloney, ach amháin lth2 (Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh / Comhairle Contae an Chláir), lth7 (Elizabeth Sheehan), lth9 (Maurice Egan), lth15 (Helena Close), lth17 (Stephen Murray), lth19 (Rachel Enright), lth21 (ÚNI/Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Don Moloney & ÚNI) agus page 23 (Damian Coughlan).

Buíochas le Seirbhís na mBealaí Oscailte as a dtacaíocht lena mbreiseán iseacróin in QGIS.

---

Tá an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta i Limistéar Cathrach Luimnigh agus Cheantar na Sionainne á mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Tá an tionscadal á chomhordú ag Sustrans agus tá tacaíocht faighte aige ó Chomhairle Contae an Chláir agus ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR | CLARE COUNTY COUNCIL

